

Taifead & Tomhais ar Theocht

Sa cheacht seo foghlaimid daltaí:

1. Sainmhíniú na teochta.
2. Conas teirmiméadar a léamh.
3. Conas sonraí a thaifeadadh agus a chur i láthair.
4. Conas a gcuid torthaí a phlé.
5. Conas an meánteocht a ríomh agus conas nóta a dhéanamh den uasteocht agus den íosteocht.
6. Conas aistriú idir Celsius agus Farenheit..

Teocht

Is éard is teocht ann ná an méid teasa nó fuachta atá i substaint nó timpeallacht.

Conas a dhéanaimid tomhas do we measure temperature?

Úsáidimid uirlis darb ainm **teirmiméadar** chun teocht a thomhas.

Turgnamh 1: Monatóireacht agus Taifead Teochta

Ábhair riachtanacha:

Iad seo a leanas a bheidh ag teastáil uait don turgnamh

- Teirmiméadar mearcair
- Radaitheoir
- Paca oighir
- Leabhar nótaí
- Peann
- Grafpháipéar

Modh:

Cuid 1: Ag úsáid an teirmiméadair

1. Déan nótaí den léamh ar an teirmiméadar.
2. Cuir an teirmiméadar ar an radaitheoir.
3. Déan nóta den léamh nua ar an teirmiméadar.

4. Cuir an teirmiméadar ar an bpaca oighir. Plean Ceachta Taifead agus Tomhais ar Theocht
5. Déan nóta den léamh nua ar an teirmiméadar.
6. An bhfeiceann tú an tslí a dtugann an teirmiméadar léamh éagsúil ag brath ar an teocht atá timpeall air?

Cuid 2: Sonraí a thaifeadadh

1. Aimsigh áit lasmuigh leis an teirmiméadar a choimeád.
2. Ag an am céanna gach lá (10.00 r.n. mar shampla), déan an teocht san áit seo a thaifeadadh.
3. Déan é seo gach lá ar feadh míosa.
4. Déan taifeadadh ar na sonraí sa leabhar nótaí.
5. Roghnaigh mí amháin sa gheimhreadh agus mí amháin sa samhradh chun éagsúlachtaí a léiriú.
6. I ndiaidh mí amháin den taifeadadh, tarraing graf leis na sonraí a léiriú.
7. Cuir na laethanta ar an ais chothrománach agus na teochtaí ar an ais ingearach.
8. Ceangail na poncanna.

Cuid 3: Torthaí a anailísiú

1. Cuir na ceisteanna seo ort féin:
 - An bhfuil an teocht tar éis athrú thar an tréimhse mhíosa?
 - An bhfuil aon éagsúlachtaí idir míonna an gheimhridh agus an tsamhraidh?
 - Cad é an léamh is fuaire (íosteocht)?
 - Cad é an léamh is teo (uasteocht)?
2. Ríomh an mheánteocht (meán) don mhí trí an teocht taifeadta ó na laethanta ar fad a shuimiú le chéile agus an freagra a roinnt ar an líon iomlán laethanta sa mhí.

Celsius agus Fahrenheit

Tá dhá scála teochta a úsáidtear go coitianta chun an teocht a léamh.

Fahrenheit agus Celsius a ghlaitear orthu seo.

Úsáidimid an scála Celsius in Éirinn.

Ar an scála Celsius, an fiuchphointe atá ag uisce ná 100°C agus an reophointe atá aige ná 0°C.

sáidtear Farenheit de ghnáth i Meiriceá.

Ar an scála Farenheit, an reophointe atá ag uisce ná 32°F agus an fiuchphointe atá aige ná 212°F.

Conas is féidir liom léamha a aistriú ó Celsius go Fahrenheit?

Chun aistriú idir an dá cheann, úsáidimid na cothromóidí seo:

$$T_C = (T_F - 32) \div 1.8$$

$$T_F = (T_C \times 9/5) + 32$$

TC is ea an teocht sa scála Celsius

TF is ea an teocht sa scála Farenheit

Sampla:

Ceist: Aistrigh 24°C (lá taitneamhach te) go Fahrenheit

$$T_C = 24$$

Mar sin,

$$T_F = (24 \times 9/5) + 32$$

$$T_F = (216/5) + 32$$

$$T_F = 43.2 + 32$$

$$T_F = 75.2^\circ\text{F}$$

Freagra: 24°C = 75.2°F